Comhairle agus Tacaíocht

Tá comhairle agus tacaíocht le fáil faoin mbealach le seirbhísí IT a úsáid ó Dheasc Freastail na Leabharlainne & IT. Buail isteach - tá an Deasc Chabhrach lonnaithe i bhforhalla Leabharlann Shéamais Uí Argadáin. Molaimid duit cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin ISS (nuigalway.ie/iss4staff) le comhairle agus eolas a fháil faoi na seirbhísí atá ar fáil sula ndéanann tú iarratas ar chuidiú.

Chomh maith leis sin, b'fhiú duit cuairt a thabhairt ar leathanach Facebook na Leabharlainne & IT (James Hardiman Library, NUI Galway) chun an t-eolas is deireanaí a fháil faoi stádas na seirbhíse.

Conas a dhéanfaidh mé iarratas ar chuidiú?

1. Logáil isteach i gCóras Ticéad na Deisce Freastail (servicedesk.nuigalway.ie) agus oscail ticéad.
2. Buail isteach chuig Deasc Freastail na Leabharlainne & IT atá lonnaithe i Leabharlann Shéamais Uí Argadáin (Urlár na Talún).
3. Glaoigh ar an Deasc Freastail ag (091) 495777.
4. Seol do cheist ar ríomhphost chuig servicedesk@nuigalway.ie.

Aiseolas

Fáiltímid roimh aon aiseolas ar faoin taithí a bhí agat lenár seirbhís agus aon mholtaí chun feabhais. Féadfaidh tú freagra a thabhairt ar an Suirbhé a chuirtear ar fáil agus do thicéad á dhúnadh nó féadfaidh tú do chuid moltaí a sheoladh chomh maith chuig servicedesk@nuigalway.ie agus 'Aiseolas' i líne an ábhair.

Féach láithreán gréasáin ISS (Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise) chun teacht ar an eolas is déanaí:

nuigalway.ie/iss4staff/

An bhfuil dearmad déanta agat ar phasfhocal do Chuntais Campais?

Téigh ar líne chuig CASS – https://cass.nuigalway.ie agus cliceáil ar 'Forgot Password'

Slándáil maidir le hEolas & Aitheantas

Tá polasaithe slándála éagsúla foilsithe ag an Ollscoil maidir le Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (ICT). Tá sé ríthábhachtach go mbeadh eolas agat orthu. Léigh na polasaithe, le do thoil, ag nuigalway.ie/iss/ictpolicies/.

Turscar agus Fioscaireacht

Bí ar an airdeall faoi aon ríomhphost ina mbeifear ag iarraidh eolas pearsanta ort: pasfhocail nó sonraí do chuntais bainc. Ní sheolfaidh ISS rphost chugat go deo ina n-iarrfar ort do phasfhocal a thabhairt dúinn nó ina n-iarrfar ort do chuntas a dhearbhú.

Eolas don Fhoireann

Chun teacht ar eolas faoin bPárolla téigh chuig nuigalway.ie/payroll/.

Is féidir le foireann bhuan OÉ Gaillimh agus leis an bhfoireann atá ar chonradh téarma socraithe san ollscoil teacht ar a nduillíní pá/P60/eolas faoi phinsean ar líne, bíodh siad ar an gcampas nó áit ar bith eile, trí shonraí a gCuntais Campais a úsáid. Breis eolais ag nuigalway.ie/onlinepayslips/.

Nuacht agus Feasacháin Sheirbhísí IT

Féadfaidh tú liostáil lenár bhfeasacháin ISS ionas go gcuirfear in iúl duit é trí ríomhphost má dhéantar cothabháil sceidealaithe ar an gcóras nó má tharlaíonn fadhb gan choinne.
Chun clárú agus an t-eolas is deireanaí a fháil faoi fheasacháin ISS téigh chuig ár leathanach baile nuigalway.ie/information-solutions-and-services/.
Chomh maith leis sin, féadfaidh tú cuairt a thabhairt ar leathanach Facebook na Leabharlainne & IT (James Hardiman Library, NUI Galway) chun an t-eolas is deireanaí a fháil faoi stádas na seirbhíse.

Bogearraí

Sa bhreis ar na bogearraí atá ar fáil sna Ríomhlanna, is féidir leis an bhfoireann bogearraí ar leith a ordú. Féach láithreán gréasáin ISS chun tuilleadh eolais a fháil faoi bhogearraí.

nuigalway.ie/iss4staff/

OÉ Gaillimh
NUI Galway

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Treoir Ghasta
Seirbhísí IT
don Fhoireann

nuigalway.ie/iss4staff/

TABHAIR FAOI DEARA: NÍ IARRFAIDH Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise (ISS) ná aon Aonad eile de chuid na hOllscoile pasfhocal do Chuntais Campais ort tríd an rphost ná do chuntas a dhearbhú GO DEO.

Uasdátaithe 09/18

Cad atá i gceist le mo Chuntas Campais?

Tugtar Cuntas Campais ar leith do gach comhalta foirne in OÉ Gaillimh. Tá sé tábhachtach go ndéanfá do Chuntas Campais a chur ag obair a luaithe is féidir. Is féidir leat é sin a dhéanamh tríd an gcóras CASS atá le fáil ag cass.nuigalway.ie. **Beidh uimhir aitheantais do Chuntais Campais agus pasfhocal sealadach do Chuntais Campais ag teastáil, mar a mhínítear thíos.**

Cad atá i gceist le huimhir aitheantais do Chuntais Campais?

Tugann an Oifig Acmhainní Daonna uimhir phárolla sé dhigit don **fhoireann bhuan** agus don **fhoireann atá ar chonradh téarma socraithe**. Tugann an Oifig Párolla uimhir aitheantais phárolla ina mbíonn sé dhigit don **fhoireann ócáideach** atá ar phárolla OÉ Gaillimh. Is éard atá in uimhir aitheantais do Chuntais Campais ná an uimhir phárolla sé dhigit sin ach go gcuirtear '0' ag an tús agus 's' ag an deireadh; e.g. más 123456 d'uimhir phárolla is é 0123456s an uimhir aitheantais CASS a bheadh agat.

Is féidir le **Cuairteoirí** nó le **comhaltaí foirne sealadacha** cuntas seachtrach 'E' a fháil; tá breis eolais faoi seo le fáil ar láithreán gréasáin ISS.

Cad atá i gceist le Pasfhocal do Chuntais Campais?

Nuair a logálfaidh tú isteach den chéad uair, úsáidfidh tú Pasfhocal sealadach do Chuntais Campais a chuirfear ar fáil le do phacáiste eolais. Má tá aon cheist agat faoi do phasfhocal déan teagmháil le Deasc Freastail na Leabharlainne agus IT (tá a sonraí teagmhála sa bhileog seo).

Ní mór duit do Chuntas Campais a chur ag obair

1. Téigh ar líne chuig an gcóras (CASS) cass.nuigalway.ie/
2. Logáil isteach le huimhir aitheantais agus le Pasfhocal sealadach do Chuntais Campais:



3. Roghnaigh trí cheist slándála agus cliceáil ar 'Select'. Bí cinnte nach roghnaíonn tú ceisteanna a bhféadfadh freagra éagsúil a bheith orthu amach anseo.
4. Freagair na trí cheist slándála agus cliceáil ar 'Save' .
5. Roghnaigh Pasfhocal nua do do Chuntas Campais. Cliceáil ar 'Save' .

Tabhair faoi deara: Caithfidh do phasfhocal a bheith alfa-uimhriúil, 8 gcarachtar ar a laghad, agus caithfidh cás uachtair, cás íochtair agus saincharachtar a bheith ann, i.e. Farrai12ge&

Tá do Chuntas Campais ag feidhmiú anois.

Ríomhphost na Foirne agus Aipeanna Office 365

A luaithe a bheidh do Chuntas Campais ag feidhmiú beidh tú in ann logáil isteach i do chuntas ríomhphoist.

Is chuig do sheoladh ríomhphoist OÉ Gaillimh amháin a sheolfaidh OÉ Gaillimh comhfhreagras ríomhphoist.

Téigh go https://outlook.office365.com agus úsáid campusaccountid@nuigalway.ie chun logáil isteach:



Cliceáil 'Ar Aghaidh' agus cuir isteach do phasfhocal nuair a iarrtar ort:



Is féidir leat an clár Deisce Outlook a shocrú chun go dtiocfaidh do chuid rphost ó OÉ Gaillimh isteach ann, tá tuilleadh eolais le fáil ar: nuigalway.ie/iss/services4staff/office365/

Tá go leor feidhmeanna iontacha ag Office 365 don fhoireann:

- Microsoft Office a shuiteáil ar 5 ghléas
- 1TB ar fáil le cáipéisí a stóráil ar OneDrive (Stóráil Néalchórais)
- Skype for Business
- Fáil ar do chuid cáipéisí agus tú ag dul ó áit go háit
- Agus tuilleadh... féach láithreán gréasáin ISS le tuilleadh eolais a fháil:

www.nuigalway.ie/iss4staff/

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Blackboard

Is é Blackboard Timpeallacht Fhíorúil Foghlama (VLE) na hOllscoile. Is áis é an VLE a thacaíonn le gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama, mar aon le measúnuithe agus scrúduithe.

Conas a logálaim isteach ar Blackboard?

Logálann tú isteach le sonraí do Chuntais Campais

Cúrsaí agus Modúil

Chun a thuilleadh eolais a fháil faoi Blackboard agus chun rochtain a fháil ar do chuid modúl téigh chuig nuigalway.ie/blackboard/.

Rochtain do Mhic Léinn ar Blackboard agus ar Mhodúil

Ní mór do mhic léinn clárú ag nuigalway.ie/registration/. Beidh fáil acu ar a gcuntas Blackboard 24 uair an chloig oibre i ndiaidh dóibh Clárú. A luaithe a bheidh a gcuid Modúl roghnaithe ag do chuid mac léinn beidh na modúil sin le feiceáil ina gcuntas Blackboard taobh istigh de 24 uair an chloig oibre.

Wi-Fi ar an gCampas

Is féidir leat ceangal le gréasán Wi-Fi an champais trí NUIGWiFi nó tríd an tseirbhís eduroam.

Is féidir leat teacht a bheith agat ar **NUIGWiFi** ach 'NUIGWiFi' a roghnú as na gréasáin gan sreang atá le fáil agus sonraí do Chuntais Campais a chur isteach nuair a iarrfar ort iad. (Ní stóráiltear do chuid sonraí agus beidh ort iad a chur isteach arís an chéad uair eile).

Tá fáil go forleathan ar **eduroam** in institiúidí tríú leibhéal ar fud an domhain. Braitheann an bealach a gceanglaíonn tú le eduroam ar an leagan den ghléas agus de na bogearraí atá agat. Is féidir ceangal le eduroam ar dhá bhealach.

Tabhair faoi deara: Ní bheidh ort an t-eolas seo a chur isteach ach aon uair amháin ar gach gléas.

Chun ceangal le líonra eduroam, úsáid Suiteálaí Eduroam atá ar fáil ar https://cat.eduroam.org:

1. Cuir isteach uimhiraitheantaisdochuntaiscampais@nuigalway.ie agus pasfhocal do Chuntais Campais.
2. Ag brath ar an ngléas atá agat d'fhéadfadh sé go dtiocfadh teachtaireacht faoi theastas slándála aníos. Roghnaigh 'Accept and Connect'.